AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA S.58T

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002

# TEICNÍOCHTAÍ AGUS DEARADH

# MIOTALÓIREACHT

**ARDLEIBHÉAL - PRAITICIÚIL**
**150 marc**

**Dé Máirt, 14 Bealtaine, 2002**

**9.30 a.m. - 12.30 p.m. nó 2.00 p.m. - 5.00 p.m.**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

**(a)** Ba chóir don mhúinteoir Uimhir Scrúdaithe an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht. Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Uimhir Scrúdaithe a thaispeáint ar gach píosa ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór ola bhealaithe ghlan a chur go han-éadrom ar na píosaí de chruach bhog.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an mhionsamhail a thaispeántar ar na líníochtaí sa chruth agus de réir na dtoisí a shonráitear.

| | | |
|---|---|---|
| Páirt 1: | ÁBHAR: | Cruach bhog nó alúmanam, a mharcáil amach, a dhruileáil, a thapáil agus a dheilbhiú. |
| Páirt 2: | ÁBHAR: | Cruach bhog nó alúmanam, a mharcáil amach, a dhruileáil, agus a dheilbhiú. |
| Páirt 3: | ÁBHAR: | Cruach bhog nó alúmanam, a mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| Páirt 4: | ÁBHAR: | Cruach bhog, alúmanam nó aicrileach, a mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| Páirt 5: | ÁBHAR: | Alúmanam nó níolón a dheileadh sa chruth ceart, a dhruileáil agus a thapáil. |

**NÓTA:**

1. Rinneadh Páirt 5 roimh lá an scrúdaithe.
2. Coimeáil na páirteanna agus úsáid a bhaint as na scriúnna suite agus na cnónna a sholáthraítear.
3. Ní ceadmhach coisctheoir meirge a chur ar an aicrileach nó ar pháirteanna neamhfheiriúla eile.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA S.58TML

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

# TEICNÍOCHTAÍ AGUS DEARADH - MIOTALÓIREACHT
## SCRÚDÚ PRAITICIÚIL - ARDLEIBHÉAL

**LIOSTA ÁBHAIR:**

Píosa amháin 60 x 3 x 115 Cruach Bhog nó Alúmanam le Páirt 1 a dhéanamh.
Píosa amháin 30 x 3 x 60 Cruach Bhog nó Alúmanam le Páirt 2 a dhéanamh.
Píosa amháin 30 x 3 x 30 Cruach Bhog nó Alúmanam le Páirt 3 a dhéanamh.
Píosa amháin 40 x 3 x 40 Cruach Bhog, Alúmanam nó Aicrileach le Páirt 4 a dhéanamh.
Píosa amháin Ø 30 Alúmanam nó Níolón le Páirt 5 a dhéanamh.
2 M5 x 10 scriú suite ceannchruinn.
1 M5 x 6 scriú suite ceannchruinn.
1 M5 x 10 scriú suite leacaithe.
2 M5 chnó heicseagánach.

**Nóta:**
Tá na toisí go léir ina milliméadair. Nuair nach bhfuil stoc méadrach le fáil, ba chóir úsáid a bhaint as stoc le toisí impiriúla a bheith ar chomhbhrí leis.

Ní mór don iarrthóir an comhbhall críochnaithe a réitiú agus é a stóráil go sabháilte go dtí lá an scrúdaithe.

Má úsáidtear cruach bhog, ba chóir í a bhratú go héadrom le ola bhealaithe ghlán.

THALL →

## LIOSTA TREALAIMH

Na gnách-uirlisí bhinse agus uirlisí marcála agus uillinntomhas le beibheal san áireamh. Beidh fiarbhacart beag de dhith ar gach trí iarrthóirí. Tá iad seo a leanas de dhith, freisin:

**Druilirí:** 10.5 mm agus 5.5 mm le páirteanna spártha.
Druilire tapáilmhéide do M5 le páirteanna spártha.
Béalmhír leacaire.

**Tapaí:** Foireann amháin de M5 thapaí bharrcaolatha agus dallána do ghach cúig iarrthóir le rinsí tapaí cuí agus bealadh.

**Líomháin:** Líomháin lámha gharbha 250 mm.
Líomháin lámha mhíne 250 mm.
Líomháin lámha gharbha 150 mm.
Líomháin lámha mhíne 150 mm.
Líomháin bhardála gharbha 150 mm.

**Éadach Éimir:** Píosa beag amháin de ghrád mheánach do ghach iarrthóir.

**UIRLISÍ GINEARÁLTA:**

Péire de chlampaí bhíse snáithíneacha, scriúire le haghaidh na scriúnna suite a sholáthraítear, castaire le haghaidh an chnó a sholáthraítear, mionsábh miotail le lannaí. Pritileanna figiúirí agus litreacha nó greanadóir le haghaidh an uimhir scrúdaithe don iarrthóir.

**NÓTA:** Tá sé tábhachtach go mbeidh na meaisíní dhruileála i bhfeidhm ina iomláine le crágáin agus bíseanna meaisíní chomh maith le clampaí, sciathanna meaisíní agus spéaclaí cosanta nó scáthláin sábháilteachta.